

RABHADH MAIDIR LE CRIPTEASHÓCMHAINNÍ



Is féidir le cripteashócmhainní a bheith rioscúil agus d'fhéadfadh nach mbeadh ach cosaint theoranta agat, más ann di in aon chor

Níl gach cripteashócmhainn agus seirbhís cripteashócmhainní comhionann ná ní rialáiltear iad ar an mbealach céanna (má rialáiltear iad ar chor ar bith). Cé go bhfuil rialachán nua ar a dtugtar MiCA (an Rialachán maidir le Margaí Cripteashócmhainní) i bhfeidhm anois san Aontas Eorpach lena rialáiltear gníomhaíochtaí a bhaineann le cripteashócmhainní áirithe, is iondúil go mbíonn an chuid is mó de chripteashócmhainní fós luaineach agus an-rioscúil. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad oiriúnach do gach tomhaltóir mar chineál infheistíochta, íocaíochta nó malairte.

Ag brath ar an gcineál cripteashócmhainne agus ar an soláthraí, d'fhéadfadh rioscaí níos airde a bheith i ndán duit agus d'fhéadfadh

nach mbeadh ach cearta teoranta um chosaint tomhaltóirí agat, más ann dóibh ar chor ar bith (e.g. rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach, nósanna imeachta trédhearcacha maidir le gearáin a láimhseáil). Is amhlaidh atá go háirithe má infheistíonn tú i gcripteashócmhainní/seirbhísí cripteashócmhainní arna dtairiscint ag gnólachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, nó ag soláthraithe nach rialáiltear faoi MiCA.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na cineálacha éagsúla cripteashócmhainní agus soláthraithe atá ann, féach ar an mbileog eolais [Míniú ar chripteashócmhainní: Cad a chiallaíonn MiCA duitse mar thomhaltóir](#).

Cad ba chóir duit a dhéanamh sula ndéanann tú infheistíocht i gcripteashócmhainní?

1

An bhfuil mé ar an eolas faoi na rioscaí atá á nglacadh agam agus mé ag infheistiú i gcripteashócmhainní nó ag úsáid cripteashócmhainní?

- Sula ndéanann tú infheistíocht, glac an t-am chun foghlaim faoi na táirgí nó na seirbhísí a bhfuil suim agat iontu.
- Mar is amhlaidh le haon infheistíocht, déan measúnú ar cé acu is fiú nó nach fiú na rioscaí sin a ghlacadh agus do chuspóirí agus do chúinsí airgeadais féin á gcur san áireamh.

2

An bhfuil na gnólachtaí/páirtithe a bhfuil mé ag smaoineamh ar dhéileáil leo údaraithe chun seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar san Aontas Eorpach?

- Is féidir leat a sheiceáil an bhfuil soláthraí údaraithe san Aontas Eorpach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - Seiceáil a dhéanamh ar chlár ESMA (shorturl.at/zZwVI)*. Féadfaidh an rialtóir airgeadais náisiúnta 'dubhliosta' de ghnólachtaí cripteashócmhainní neamhúdaraithe, lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse, a sholáthar freisin. Mar sin, is féidir leat suíomh gréasáin nó liosta I-SCAN (iosco.org/i-scan/) a sheiceáil freisin.
 - Suíomh gréasáin an ghnólachta a sheiceáil, b'fhéidir go mbeidh a stádas rialála luaite. Tabhair do d'aire, i gcásanna áirithe, go mb'fhéidir nach mbeidh gnólachtaí údaraithe ach amháin i leith gníomhaíochtaí áirithe dá gcuid (roinnt seirbhísí seachas iad go léir). Mar sin, déan cinnte go seiceálann tú freisin cé na seirbhísí a bhfuil cead acu a sholáthar.

3

An bhfuil na gléasanna a úsáidim chun cripteashócmhainní a cheannach, a stóráil nó a aistriú, agus chun m'eochara príobháideacha a choinneáil, slán?

- Má chailltear eochracha príobháideacha le haghaidh cripteashócmhainní, caillfear rochtain agus úinéireacht ar bhonn buan do-aisiompaithe.
- Tá sé ríthábhachtach do ghléasanna agus do phríomhstóráil a choinneáil slán chun do chripteashócmhainní a chosaint, go háirithe:
 - Déan cinnte go ndéantar do ghléas agus aon bhogearraí a bhaineann le criptiú a nuashonrú i gcónaí go dtí an leagan is déanaí chun leochaileachtaí slándála a laghdú.
 - Úsáid pasfhocail láidre, uathúla do gach ceann de do chripteachuntais, coinnigh do phasfhocal faoi rún agus seachain an fhaisnéis aitheantais chéanna a athúsáid ar ardáin éagsúla. Féach roinnt leideanna anseo (shorturl.at/7ns3l).
 - Seachain rochtain a fháil ar do chripteachuntais thar líonraí Wi-Fi poiblí nó gan slándáil.

Cad iad na príomhríoscaí atá ann?



Gluaiseachtaí praghaís an-mhór

Is féidir le luach fhormhór na gcríteashócmhainní, lena n-áirítear roinnt críteashócmhainní a rialáiltear, a bheith an-luaineach, rud a chiallaíonn gur féidir lena bpraghas titim agus ardú go tapa thar thréimhsí gearra ama. B'fhéidir go gcaillfidh tú go leor den airgead a infheistíodh, nó é go léir fiú.



Ríoscaí leachtachta

D'fhéadfadh srianta leachtachta a bheith ar mhargaí críteashócmhainní, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur le do chumas críteashócmhainní a dhíol ar an bpraghas nó ag an am is mian leat.



Faisnéis mhíthreorach

Cuirtear roinnt críteashócmhainní agus táirgí gaolmhara chun cinn go crua, agus úsáid á baint as faisnéis atá mearbhlach, neamhiomlán, míchruinn agus míthreorach d'aon ghnó uaireanta. Bí ar an airdeall maidir leis na ríoscaí a bhaineann le fógraí den sórt sin, go háirithe ar na meáin shóisialta inar féidir tionchair a dhreasú chun críteashócmhainní áirithe a fhógairt.



Calaois, camscéimeanna agus haiceáil

Tá go leor scéimeanna bréige críteashócmhainní, haiceáil agus camscéimeanna ann, agus ba cheart duit a bheith ar an eolas gurb é an t-aon chuspóir atá acu ná scéimeireacht ag úsáid teicnící éagsúla chun do chuid airgid a fháil. Féadfaidh calaoiseoirí ríomhphoist fioscaireachta, innealtóireacht shóisialta agus naisc mhaílseacha a úsáid, a gheallann torthaí neamhréalaíocha arda nó a mhaíonn go bhfuil siad údaraithe nó rialáilte nuair nach bhfuil.



Cosaint theoranta:

Cuireann MiCA cosaint ar fáil do thomhaltóirí a mhéid a bhaineann le cineálacha sonracha críteashócmhainní agus seirbhísí (e.g. rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach, nósanna imeachta trédhearcacha maidir le láimhseáil gearán). Mar sin féin, níl siad chomh fairsing leis na cinn is infheidhme maidir le táirgí airgeadais níos traidisiúnta (e.g. ní bhainfidh tú tairbhe as scéimeanna cúitimh). I gcás críteashócmhainní nó seirbhísí a thairgeann gnólachtaí nach bhfuil rialáilte san Aontas Eorpach, má théann rud éigin mícheart, b'fhéidir nach dtairbheoidh tú de chosaint tomhaltóirí nó de chosaintí nach bhfuil chomh láidir leis na cinn is infheidhme san Aontas.



Castacht táirgí

D'fhéadfadh sé a bheith deacair gnéithe agus ríoscaí críteashócmhainní, agus aon táirgí a bhfuil críteashócmhainn fholuiteach acu, a thuiscint. Bí cúramach agus tú ag ceannach críteashócmhainní, nó táirgí infheistíochta gaolmhara, go háirithe mura bhfuil tú cinnte conas a chinntear a luach agus cad iad na ríoscaí atá i gceist.

Bunús dlí agus cúla

Tá an rabhadh sin bunaithe ar Airteagal 9(3) de Rialacháin Bhunaidh ÚMEanna agus leanann sé rabhaidh roimhe seo lena n-áirítear [rabhadh](#) 2022 maidir le ríoscaí críteashócmhainní.

Tagraíonn an téarma 'críteashócmhainn' do léiriú digiteach ar luach nó ar chearta a fhéadfar a aistriú agus a stóráil go leictreonach, trí úsáid a bhaint as mórleabhar dáilte nó as teicneolaíocht chomhchosúil.

Tá Rialachán AE maidir le Margaí Críteashócmhainní (MiCA) infheidhme go hiomlán ón 30 Nollaig 2024.

* Ba cheart duit a bheith ar an eolas nach gceadaítear ach do ghnólachtaí atá údaraithe agus liostaithe ar chlár ESMA seirbhísí críteashócmhainní a sholáthar san Aontas Eorpach faoin Rialachán maidir le Margaí Críteashócmhainní. Mar sin féin, beidh feidhm ag idirthréimhse go dtí mí Iúil 2026 i roinnt Ballstát, mar sin féadfaidh roinnt gnólachtaí oibriú faoin dlí náisiúnta go dtí go bhfaighidh siad údarú MiCA. Ciallaíonn sé seo nach mbainfidh tú leas as aon chosaintí MiCA agus seirbhísí ó sholáthraithe den sórt sin á n-úsáid agat go dtí go rachaidh an idirthréimhse in éag agus go mbeidh an soláthraí údaraithe faoi MiCA.

Féach freisin sonraí na hidirthréimhse in aghaidh an Bhallstáit anseo (shorturl.at/Cs49L).